# 17 Ciste eascró Apple na hÉireann

**17.1** Ciste ilbhilliún euro é ciste eascró Apple na hÉireann a choimeádtar faoi théarmaí comhaontaithe fhoirmiúil idir an tAire Airgeadais (an tAire) agus Díolacháin Idirnáisiúnta Apple (‘Apple Sales International’) agus Oibríochtaí Apple na hEorpa (‘Apple Operations Europe’) (a dtugtar Apple orthu araon), ar feitheamh an toraidh a bhíonn ar agóidí dlíthiúla in aghaidh na dtorthaí a bhíonn ar imscrúdú ar chúnamh Stáit a rinne an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún). Déanann an tAire agus Apple comh-mhaoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste. Rinne an tAire feidhmeanna ina leith sin a tharmligean do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN).

## Bunús an chiste eascró

**17.2** I Meitheamh 2014, d’oscail an Coimisiún Eorpach nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil ar thuairimí cánach a d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim i 1991 agus 2007 do Apple. Bhí an t-imscrúdú dírithe ar a dheimhniú cé acu ar chruthaigh nó nár chruthaigh na tuairimí seo aon bhuntáiste ar fhochuideachtaí Apple Ireland maidir le hiomaitheoirí, sa mhéid gurbh ionann agus cúnamh Stáit iad.

**17.3** I Lúnasa 2016, d’eisigh an Coimisiún cinneadh (‘cinneadh an Choimisiúin’) a bhain an tátal as gur thug Éire cúnamh Stáit neamhdhleathach do Apple.[1]

**17.4** Thug an Coimisiún ordú d’Éirinn chun an cúnamh Stáit líomhnaithe móide ús a aisghabháil ó Apple, a bhain le tréimhse deich mbliana ó 2003 a fhad le 2014.[2] Mheas an Coimisiún gurbh ionann an cúnamh Stáit a líomhnaítear a deonaíodh agus thart ar €13 billiún. Rinne idir Rialtas na hÉireann agus Apple achomharc ar leith in aghaidh chinneadh an Choimisiúin.

**17.5** D’ainneoin achomharc na hÉireann in aghaidh chinneadh an Choimisiúin, rinne Rialtas na hÉireann a oibleagáid a chomhlíonadh chun an cúnamh Stáit líomhnaithe a aisghabháil, móide ús, ó Apple. Chomhaontaigh an tAire le Apple go gcoimeádfaí na suimeanna a bhaileofaí i gciste eascró go dtí go dtugtar an próiseas dlíthiúil chun críche.

**17.6** Ríomh na Coimisinéirí Ioncaim an cúnamh Stáit a líomhnaítear atá le bailiú trí thagairt do chinneadh an Choimisiúin. B’ionann an tsuim agus €13.1 billiún móide ús €1.2 billiún. D’aistrigh Apple €14.3 billiún isteach sa chuntas eascró idir Bealtaine agus Meán Fómhair 2018.[3]

**17.7** Tharla éisteacht ó bhéal don chás i gCúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh (CGAE) i Meán Fómhair 2019. D’eisigh CGAE a bhreithiúnas ar 15 Iúil 2020 a rinne cinneadh an Choimisiúin a chur ar neamhní, is é sin gur dheonaigh Éire cúnamh Stáit neamhdhleathach do Apple. Bhí achomharc ar bhreithiúnas CGAE le déanamh faoin 25 Meán Fómhair 2020.

**17.8** D’fhógair Coimisiún an AE an 25 Meán Fómhair an cinneadh a rinne sé chun achomharc ar bhreithiúnas CGAE a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE). Mar thoradh air sin, fanfaidh an t-airgead in eascró ar feitheamh cinneadh deiridh na Cúirte Eorpaí. D’fhéadfadh an próiseas dlíthíochta seo roinnt blianta a ghlacadh.

1 Cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh ar Chúnamh Stáit *SA*.38373 an 30 Lúnasa 2016.

2 Airteagal 9, Caibidil V de Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 794/2004 an 21 Aibreán 2004. Is é cás Apple Éireann an cás aisghabhála cúnaimh Stáit is mó a ordaíodh riamh roimhe seo.

3 Rinneadh figiúirí sa tuarascáil seo a shlánú.

## Maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an gciste

**17.9** Trí na cistí a chur i gcuntas eascró, ceadaítear do na páirtithe eascró (an tAire agus Apple) a dheimhniú conas a dhéantar na cistí seo a infheistiú go dtí go dtugann an Chúirt Eorpach breithiúnas deiridh, agus go dtí go ndeimhnítear cé hé úinéir an chiste, ar deireadh thiar.

**17.10** Rinne an tAire agus Apple creatghníomhas eascró in Aibreán 2018. Leagtar amach sa ghníomhas seo an comhaontú mionsonraithe dlíthiúil a rialaíonn bailiú agus íocaíocht cistí ó Apple, agus aon chistí ar riachtanach iad a scaoileadh ón gcuntas eascró. Tugtar achoimre in Iarscríbhinn 17A ar na socruithe chun maoirseacht, bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar an gciste. Faoi mar a thugtar le fios, déantar comh-mhaoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste. Rinne an tAire an fhreagracht atá ar an Stát as maoirseacht a dhéanamh a tharmligean do GBCN, ionadaithe Stáit a cheapadh leis an gcoiste infheistíocht don chiste freisin. Cheap na páirtithe roinnt gnóthas seirbhísí airgeadais i gcomhar lena chéile chun gníomhú mar bhainisteoirí infheistíochta agus mar ghníomhaire/thaisceánach eascró an chiste.

## Straitéis infheistíochta

**17.11** Leagtar amach na prionsabail agus paraiméadair infheistíochta don chiste eascró sa bheartas infheistíochta. Is é cuspóir an bheartais infheistíochta chun luach caipitiúil an chiste eascró a chaomhnú a mhéid agus is féidir i gcomhthéacs choinníollacha an mhargaidh atá i gceist. Tá an inghlacthacht chomhaontaithe i leith riosca maidir leis an gciste eascró 'íseal', agus ní cheadaítear infheistíochtaí ach in urrúis ina bhfuil méid íseal de riosca bunúsach, ar nós urrúis ioncaim sheasta ardrátáilte atá idir gearrthéarmach agus meántéarmach ó thaobh faid de. Déanann an coiste infheistíochta athbhreithniú ar oiriúnacht leanúnach an bheartais infheistíochta.[1]

**17.12** Tá an ciste eascró nochta do rioscaí éagsúla margaidh, leachtachta agus creidmheasa. Féachtar leis an gclár bainistíochta riosca don chiste drochthionchair fhéideartha na rioscaí ar a fheidhmíocht airgeadais a íoslaghdú.

**17.13** Tugann bainisteoirí infheistíochta faoi bhainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí. Déanann an gníomhaire/taisceánach eascró monatóireacht neamhspleách ar chomhlíonadh sainorduithe ag na bainisteoirí infheistíochta agus tuairiscíonn siad le GBCN agus Apple ar bhonn laethúil. Tá sainorduithe an bhainisteora infheistíochta ar aon dul leis an mbeartas infheistíochta don chiste. Déanann an coiste infheistíochta breithniú ar chomhlíonadh an bheartais infheistíochta ar bhonn ráithiúil. Cuirtear cruinnithe rialta ar siúl idir an coiste infheistíochta agus na bainisteoirí infheistíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na mbainisteoirí infheistíochta agus ar fheidhmíocht an chiste eascró, ar an iomlán.

## Feidhmíocht an chiste eascró

**17.14** Mar thoradh ar na feidhmeanna infheistíochta a rinne an tAire a tharmligean, ceanglaítear ar GBCN ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú atá le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus le cur i láthair Thithe an Oireachtais (i ndiaidh a n-iniúchta).[2]

**17.15** Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA), faoi mar a d'ordaigh an tAire.[3] Déantar gach sócmhainn airgeadais den chiste eascró a phraghsáil ar luach cóir, arb é sin an luach margaidh a luaitear nuair a chuirtear deireadh le trádáil ag dáta deiridh na tréimhse.

1 Tá sa choiste infheistíochta triúr ionadaithe de GBCN agus triúr ionadaithe de chuid Apple. Tá ionadaí de GBCN mar chathaoirleach ar an gcoiste.


2 Eascraíonn seo ó théarmaí Alt 12 den Acht um GBCN, 1990.

3 Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de bhun Alt 28(5) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

**17.16** Ar aon dul leis an mbeartas infheistíochta, déantar an ciste eascró a infheistiú in urrúis ardrátáilte ioncaim sheasta a ainmnítear in euro, nó coimeádtar é mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Áirítear le hurrúis ioncaim sheasta bannaí ceannasacha, bannaí atá nach mór ceannasach agus bannaí corparáideacha. Áirítear le h airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead tirim agus infheistíochtaí gearrthéarmacha eile (a bhfuil aibíochtaí trí mhí nó níos lú acu).

**17.17** B'ionann na sócmhainní iomlána a bhí á gcoimeád sa chiste eascró an 31 Nollaig 2019 agus €14,025 milliún (2018: €14,271 milliún). Taispeántar miondealú ar na sócmhainní seo i bhFíor 17.1.

**Fíor 17.1 Sócmhainní an chiste eascró amhail an 31 December 2019**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste eascró Apple na hÉireann 2019

**17.18** Tháinig laghdú ó €249 milliún anuas go dtí €14,020 milliún in 2019 (2018: €14,269 milliún) ar ghlansócmhainní iomlána an chiste.[1] Ba é ba phríomhchúis leis an laghdú ná 'coigeartú tríú tír' arbh ionann é agus nach mór €209 milliún agus muirir chánach €3 milliún (féach thíos). Léiríonn meath an €37 milliún eile don bhliain timpeallacht an ráta úis dhiúltaigh atá ann faoi láthair agus torthaí diúltacha ar bhannaí ardrátáilte euro atá ceannasach nó nach mór ceannasach, agus speansais oibriúcháin an chiste. B'ionann an meath a tháinig ar luach an chiste idir Bealtaine agus Nollaig 2018 agus €16 milliún.

### *Éileamh ar choigeartú tríú tír a dhéanamh*

**17.19** Luadh i gcinneadh an Choimisiúin go bhféadfaí na brabúis a raibh cáin le gearradh orthu in Éirinn, don tréimhse atá cumhdaithe ag an gcinneadh, a laghdú dá gceanglófaí ar Apple cánacha a íoc i ndlínse eile maidir leis na brabúis chéanna (nó cuid díobh). Tugtar coigeartuithe 'tríú tír' ar na laghduithe siúd agus déantar soláthar dóibh sa chreatghníomhas eascró. Déanann an tAire Airgeadais cinntiúchán faoi bhailíocht aon iarratas ar choigeartú tríú tír a dhéanann Apple i gcomhréir leis an gcreatghníomhas eascró.

**17.20** Rinne Apple éileamh ar choigeartú tríú tír i mBealtaine 2019.

1 Is é an difríocht idir na sócmhainní iomlána agus na glansócmhainní iomlána ná dliteanais an chiste atá le híoc go fóill ag deireadh na bliana.

**17.21** I ndiaidh don Aire Airgeadais na cinntiúcháin chuí a dhéanamh an 23 Iúil 2019, tar éis gur chuir na Coimisinéirí Ioncaim comhairle air, aistríodh nach mór €209 milliún ón gciste go dtí Apple maidir leis an éileamh ar choigeartú tríú tír a rinne Apple.

### *Cánachas*

**17.22** D’fhostaigh GBCN (atá ag gníomhú mar ghníomhaire an Aire) agus d’fhostaigh Apple comhairleoirí cánach chun comhairle maidir leis an gciste a sholáthar.

**17.23** Thabhaigh an ciste íocaíochtaí €9 milliún, ar an iomlán, (CBL san áireamh) maidir le táillí do na bainisteoirí infheistíochta agus don ghníomhaire/taisceánach eascró óna ndátaí ceaptha faoi seach a fhad le deireadh 2019. Ar feitheamh na socruithe cuí CBL a dheimhniú, fabhraíodh an CBL ar na táillí seo i ráitis airgeadais 2019. Íocadh gach méid CBL a bhí le híoc leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2020.


**17.24** Cuimsíodh i ráitis airgeadais an chiste don bhliain 2019 speansas €2 milliún maidir le cáin shiarchoinneálach. Chuir an gníomhaire/taisceánach eascró é seo i bhfeidhm ar ghnóthachain áirithe infheistíochta. Dheimhnigh an gníomhaire/ taisceánach eascró, i ndiaidh dheireadh na bliana 2019 agus i ndiaidh plé a dhéanamh le GBCN agus Apple, nár cheart dóibh an cáin shiarchoinneálach a chur i bhfeidhm sna cásanna siúd. Luaigh GBCN gur aisíocaíodh an ciste in 2020 maidir leis na suimeanna a bhí á siarchoinneáil in 2019.

## Costais a bhaineann le bunú an chiste eascró

**17.25** Thabhaigh comhlachtaí Stáit eile costais a bhain go díreach leis an bpróiseas aisghabhála cúnaimh Stáit agus bunú an chiste eascró, ar leith ó na costais riaracháin a thabhaigh an ciste go díreach. B’ionann na costais iomlána a tabhaíodh maidir leis an bpróiseas seo a fhad le deireadh 2019 agus thart ar €4.04 milliún (CBL san áireamh). Áirítear leis seo na costais dlí go léir, táillí sainchomhairleoireachta agus aon chostais ghaolmhara eile. Ní áirítear leis costais an cháis achomhairc a tionscnaíodh sna Cúirteanna Eorpacha.

## Iarscríbhinn 17A

**Fíor 17A.1 Maoirseacht, bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar an gciste eascró** [a, b, c]




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste eascró Apple na hÉireann, 2019 Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Is é ról *BNYM*, mar an gníomhaire agus an taisceánach eascró, chun cuntais bhainc/urrúis eascró a oscailt agus a chothabháil chomh maith leis na cistí eascró a choimeád, a chur chun feidhme agus a réadú i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha chomhaontú an ghníomhaire/taisceánaigh eascró.

b Tá na bainisteoirí infheistíochta — *Amundi Asset Management*, *Blackrock Investment Management (UK) Limited* agus *Goldman Sachs Asset Management* — freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar infheistíochtaí i gcomhréir le sainordú bainisteoir infheistíochta chun caipiteal an chiste a chaomhnú a mhéid agus is féidir i gcomhthéacs choinníollacha an mhargaidh a bhíonn i gceist ag an tráth sin.

c Tá an ciste eascró á choimeád ag *BNYM*, mar ghníomhaire agus taisceánach eascró. Déanann an tAire agus Apple comh-mhaoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste eascró trí choiste infheistíochta. Is é an tAire Airgeadais an t-úinéir tairbhiúil d'fhad an chiste eascró i gcomhréir leis an gcreatghníomhas eascró comhaontaithe.